Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Samhain 2026
(OR. en)

15173/26

AGRILEG 257
PESTICIDE 71

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	An Coimisiún Eorpach
dáta a fuarthas:	29 Deireadh Fómhair 2026
chuig:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	D117885/02
Ábhar:	RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar cioglocsaidime, foilpéid, meipiocuat agus cuinmeireac i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D117885/02.

Faoi iamh: D117885/02

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
PLAN/2026/1732 Rev. 1
(POOL/E4/2026/1732/1732R1-EN.docx)
D117885/02
[…](2026) XXX draft

RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an XXX

lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar cioglocsaidime, foilpéid, meipiocuat agus cuinmeireac i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an XXX

lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar cioglocsaidime, foilpéid, meipiocuat agus cuinmeireac i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 14(1), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcás na substaintí gníomhacha cioglocsaidim, eatofúimeasáit, foilpéad agus cuinmeireac, socraíodh uasleibhéil iarmhar ('MRLanna') in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. I gcás na substainte gníomhaí meipiocuat, socraíodh MRLanna sealadacha i gCuid A d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin.

(2) A mhéid a bhaineann le cioglocsaidim, cuireadh isteach iarratas de bhun Airteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 inar iarradh na MRLanna atá ann cheana a mhodhnú le haghaidh meala. A mhéid a bhaineann le eatofúimeasáit, cuireadh isteach iarratas comhchosúil le haghaidh cairéad. Cuireadh iarratas comhchosúil isteach le haghaidh síolta cadáis a mhéid a bhaineann le mil.

(3) A mhéid a bhaineann le foilpéad, cuireadh isteach iarratas ar lamháltas allmhairiúcháin le haghaidh bananaí, ar bhonn úsáidí in Eacuadór agus sa tSalvadóir, de bhun Airteagal 6(2) agus (4) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, agus iarratas eile ar mhil, de bhun Airteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(4) Rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') measúnú ar na hiarratais agus ar na tuarascálacha meastóireachta a d'ullmhaigh na Ballstáit mheastóireachta, agus rinne sé scrúdú faoi leith ar na rioscaí atá ann do thomhaltóirí agus, i gcás inarb ábhartha, d'ainmhithe, agus thug sé tuairimí réasúnaithe uaidh faoi na MRLanna atá beartaithe[2]. Chuir sé na tuairimí sin ar aghaidh chuig na hiarratasóirí, chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit agus chuir sé ar fáil don phobal iad.

[1] IO L 70, 16.3.2005, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/396/oj.

[2] Modhnú a dhéanamh ar an uasleibhéal iarmhar atá ann cheana le haghaidh cioglocsaidime i mil. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2026; 24 (5); e10093. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2026.10093.
Modhnú a dhéanamh ar an uasleibhéal iarmhar atá ann cheana le haghaidh eatofúimeasáite i gcairéid. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2026; 24 (7); e10188. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2026.10188.
Modhnú a dhéanamh ar an uasleibhéal iarmhar atá ann cheana le haghaidh clóiríd mheipiocuat i mil. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2026; 24 (7); e10225. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2026.10225.

(5) A mhéid a bhaineann le hiarratais ar chioglocsaidim i mil, eatafúimeasáit i gcairéid, meipiocuat i mil agus foilpéad i mbananaí, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go raibh na sonraí iomchuí chun tograí MRL a dhíorthú le haghaidh na dtráchtearraí sin atá á measúnú. Dá bhrí sin, is iomchuí na MRLanna sin a iarradh a shocrú ar na leibhéil a mholann an tÚdarás. A mhéid a bhaineann leis an iarratas ar fhoilpéad i mil, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach raibh na sonraí a cuireadh isteach ag tacú go leordhóthanach leis an dea-chleachtas talmhaíochta ar a raibh an MRL beartaithe bunaithe mar gheall ar neamhréireachtaí idir na patrúin iarratais a úsáideadh sna trialacha tolláin allamuigh iata i gcomparáid leis na patrúin a shainítear sa dea-chleachtas talmhaíochta criticiúil roghnaithe. Mheas an Coimisiún agus na Ballstáit gurbh iomchuí MRL sealadach a shocrú, mar chinneadh maidir le bainistiú riosca, le haghaidh foilpéid i mil ag an leibhéal a iarradh, ar MRL é a léiríodh a bheith sábháilte do thomhaltóirí Eorpacha, agus an fonóta comhfhreagrach a chur isteach lena léirítear an fhaisnéis atá in easnamh agus an sprioc-am chun é a chur isteach.

(6) A mhéid a bhaineann le cuinmeireac, leagadh síos MRLanna sealadacha le Rialachán (AE) 2022/1321 ón gCoimisiún[3] le haghaidh tráchtearraí beostoic (an t-ae, an duán agus scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) ó bhó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach, ainmhithe den chineál gabhair agus each-ainmhithe). Socraíodh na MRLanna sealadacha sin go dtí go gcuirfí isteach sonraí deimhniúcháin ó thrialacha ar iarmhair ar bhiatas siúcra agus ar bharra biatais farae, ar bhonn thuairim réasúnaithe an Údaráis[4] faoi chuimsiú an athbhreithnithe MRL faoi Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(7) I mí Iúil 2024, chuir an t-iarratasóir isteach na sonraí deimhniúcháin a iarradh maidir le cuinmeireac. Rinne an tÚdarás meastóireacht ar na sonraí deimhniúcháin a cuireadh isteach agus d'fhoilsigh sé tuairim réasúnaithe[5]. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur tugadh aghaidh ar an mbearna sonraí a sainaithníodh san athbhreithniú MRL agus gur ceadaíodh leis an bhfaisnéis nua na MRLanna sealadacha le haghaidh ae, duáin agus scairteach inite tráchtearraí ó bhó-ainmhithe, caoirigh, gabhair agus eachainmhithe a dheimhniú ar na leibhéil atá ann faoi láthair. Dá bhrí sin, is iomchuí na MRLanna atá ann cheana le haghaidh na dtráchtearraí sin a choinneáil ar bun agus na fonótaí lena gceanglaítear faisnéis a chur isteach a scriosadh ó Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.

Lamháltas allmhairiúcháin a shocrú le haghaidh foilpéid i mbananaí agus modhnú a dhéanamh ar an uasleibhéal iarmhar atá ann cheana i mil. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2026; 24 (7); e10168. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2026.10168.

3 Rialachán (AE) 2022/1321 ón gCoimisiún an 25 Iúil 2022 lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh ian fluairíde, ocsafluairfeine, piorocsulam, cuinmeireac agus fluairíd sulfairile i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe (IO L 200, 29.7.2022, lgh. 1–24, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/1321/oj.

4 *Reasoned opinion on the review of the existing maximum residue levels for spinetoram according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005* [Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana i gcás cuinmeireac de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2020;18(10):6257. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2020.6257.

5 Meastóireacht ar shonraí deimhniúcháin tar éis athbhreithniú MRL Airteagal 12 le haghaidh cuinmeireac. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2026;24 (7): e10189. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2026.10189.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN